



2024/147

25.1.2024

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 139/2021

an 23 Aibreán 2021

lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialachán theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/147]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1281 ón gCoimisiún an 14 Meán Fómhair 2020 maidir le neamh-fhormheas na substainte gníomhaí eitimeatsulfúrón-meitil, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, ⁽¹⁾ tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 13zzzzzzzzzzze (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1280 ón gCoimisiún) de Chaibidil XV d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE:

'13zzzzzzzzzzzf. **32020 R 1281**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1281 ón gCoimisiún an 14 Meán Fómhair 2020 maidir le neamh-fhormheas na substainte gníomhaí eitimeatsulfúrón-meitil, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 301, 15.9.2020, lch. 7).'

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1281 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlónadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Aibreán 2021, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

⁽¹⁾ IO L 301, 15.9.2020, lch. 7.

* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Aibreán 2021.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Clara GANSLANDT
